Gaeilge

Abhantrach
Bhearna
Chnoc na Cathrach

*Samhain 2023*
*Eagrán a 3*

## POP UP GAELTACHT NA NOLLAG

Beidh Pop Up Gaeltacht ar siúl i Tom Sheridan's **Dé hAoine 1 Nollaig ó 20.00 ar aghaidh.**

Is éard atá i gceist le Pop Up Gaeltacht ná cainteoirí Gaeilge de chumais éagsúla ag teacht le chéile go neamhfhoirmiúil, agus an deis acu bualadh le chéile agus labhairt in atmaisféar taitneamhach.

We will have a Pop Up Gaeltacht in Tom Sheridan's on **Friday 1st December from 20.00 onwards.**

For anyone who isn't familiar with it, a Pop Up Gaeltacht is an informal gathering of Irish speakers of various abilities where they can meet and talk in a relaxed atmosphere.







## SEISIÚN CEOIL

Beidh seisiún ceoil oscailte ar siúl i Súil Eile Space i mBearna i rith am lóin, **Dé Céadaoin 6 Nollaig**. Buail isteach **idir 13.00 agus 14.00** chun cúpla port a sheinm, amhrán a chanadh, nó chun cupán caife a fháil agus éisteacht leis an gceol!

An open music session will take place in Súil Eile Space in Barna during lunchtime, on **Wednesday 6th December.** Pop in between 13.00 and 14.00 to play a few tunes, sing a song, or grab a cup of coffee and listen to the music!

## OÍCHE CHLÁRÚCHÁIN DON CHLUB ÓIGE DO DHÉAGÓIRÍ

Cuirfear tús le Club Óige do dhéagóirí i mí Eanáir 2024. Beidh an club ar siúl in Áras Mhic Amhlaigh chuile thráthnóna Dé hAoine ó 19.00-21.00 agus beidh sé feiliúnach do dhéagóirí ó 12-18 bliana d'aois. Tá an club seo á eagrú ag Gaeilge ABC agus ag Muintearas, agus beidh sé á reáchtáil trí mheán na Gaeilge.

Beidh Oíche Chlárúcháin ar siúl don chlub óige seo Déardaoin 7 Nollaig ag 19.00 in Áras Mhic Amhlaigh. Más mian leat do mhac / d'iníon a chlárú don chlub óige seo, tá sé riachtanach go mbeadh tú i láthair don Oíche Chlárúcháin. Is do thuismitheoirí / chaomhnóirí amháin an Oíche Chlárúcháin seo, agus ní gá do na déagóirí a bheith i láthair.

Más mian leat a bheith i láthair don Oíche Chlárúcháin, déan RSVP roimh Dé Máirt 5 Nollaig, trí ríomhphost a chur chuig optgaeilgeabc@gmail.com.

We will start a Youth Club for teenagers in January 2024. The club will take place in Áras Mhic Amhlaigh every Friday evening from 19.00-21.00 and will be suitable for teenagers from 12-18 years old. This club is being organized by Gaeilge ABC and Muintearas, and it will be run through Irish.

A Registration Night will take place for this youth club on Thursday 7th December at 19.00 in Áras Mhic Amhlaigh. If you wish to register your son / daughter for this youth club, it is essential that you attend the Registration Night. This is for parents / guardians only - teenagers don't need to attend the Registration Night.

Please RSVP before Tuesday 5th December by emailing optgaeilgeabc@gmail.com.



## CAIFE AGUS COMHRÁ

Ar mhaith leat cleachtadh a dhéanamh ar do Ghaeilge labhartha? Bíonn ciorcal comhrá ag bualadh lena chéile go míosúil i mBearna agus i gCnoc na Cathrach, agus tá fáilte mhór roimh dhaoine nua i gcónaí!

Would you like to practice your spoken Irish? A conversation circle meets monthly in Barna and Knocknacarra, and new people are always more than welcome!

### SÚIL EILE SPACE, BEARNA

Bíonn ciorcal comhrá ag bualadh lena chéile an **Déardaoin deireanach de chuile mhí ag a 11.00** i Súil Eile Space, Bearna. Beidh an chéad cheann eile ar siúl **Déardaoin 30 Samhain, agus arís Déardaoin 28 Nollaig.** Tá fáilte mhór roimh chuile dhuine, is cuma cén leibhéal Gaeilge atá agat!

Our conversation circle meets in Súil Eile Space in Barna **at 11.00 on the last Thursday of every month**. The next conversation circle will take place **Thursday 30th November,** and again on **Thursday 28th December.** Everyone is welcome, whatever your level of Irish!



### CLYBAUN HOTEL, CNOC NA CATHRACH

Tá ciorcal comhrá i gCnoc na Cathrach a bhíonn ag bualadh lena chéile **an dara Aoine de chuile mhí** in Óstán an Chlaí Bháin ag a **10.00**. Beidh an chéad cheann eile ar siúl **Dé hAoine 8 Nollaig.** Tá fáilte mhór roimh chuile dhuine, is cuma cén leibhéal Gaeilge atá agat!



There is another conversation circle that meets in Knocknacarra on the **second Friday of every month** in the Clybaun Hotel at **10.00**. The next meeting will take place on **Friday 8th December.** Everyone is very welcome, regardless of your level of Irish!

## GRADAM BRONNTA AR SÚIL EILE SPACE

Ba mhaith linn comhghairdeas ó chroí a dhéanamh le Séamus agus Ellie i Súil Eile Space i mBearna, ar a bronnadh Gradam Gnó an mhí seo. Tugann an gradam seo aitheantas do ghnólachtaí a úsáideann an Ghaeilge agus a chruthaíonn spás don Ghaeilge laistigh den ghnólacht. Tá an gradam seo tuillte go maith ag Súil Eile Space as an tseirbhís trí Ghaeilge a chuireann siad ar fáil, na ciorcail chomhrá a bhíonn ar siúl acu sa gcaifé, agus an iarracht a dhéanann siad an Ghaeilge a úsáid ar na meáin shóisialta agus ar chomharthaíocht sa gcaifé.

We would like to congratulate Séamus and Ellie in Súil Eile Space in Barna, who won a Business Award this month. This award recognizes businesses that use Irish, and it is well deserved by Súil Eile Space for the service they provide through Irish, the conversation circles they hold in the café, and their use of Irish on social media and on signage in the café.



## COMHARTHAÍ 'GAEILGE AGUS FÁILTE'

Tá comharthaí 'Gaeilge agus Fáilte' ar fáil againn do ghnólachtaí, scoileanna, siopaí, srl i mBearna agus i gCnoc na Cathrach. Má tá ceann uait, déan teagmháil le hAoife anseo.

We have 'Gaeilge agus Fáilte' signs available for businesses, schools, shops, etc. in Barna and Knocknacarra. If you would like one, contact Aoife through this link.




## NA MEÁIN SHÓISIALTA

Bí cinnte muid a leanúint ar na meáin shóisialta, áit a mbíonn an nuacht is deireanaí uile á roinnt againn.

Be sure to follow us on social media, where we share all the latest news.

@gaeilgeabc

# Cúinne na bPáistí

## SCÉALAÍOCHT AGUS CEOL NA NOLLAG LE JULIE ANNE DE BRÚN

Beidh Julie Anne de Brún linn in Áras Mhic Amhlaigh **Dé Domhnaigh 3 Nollaig ag a 14.00** chun scéalta a insint, amhráin a chanadh, agus ceol a sheinm leis na gasúir! Tá an t-imeacht seo feiliúnach do pháistí suas go naoi mbliana d'aois, agus mairfidh sé thart ar uair an chloig. Is imeacht do theaghlaigh é seo, mar sin teastaíonn uaidh thuismitheoir / caomhnóir fanacht lena gcuid páistí don imeacht uile. Níl aon chostas i gceist leis an imeacht seo, ach tá spásanna teoranta, mar sin ní mhór clárú go luath trí an nasc seo.




Julie Anne de Brún will be with us on Sunday 3rd December at 14.00 to tell stories, sing songs and play music with the children! This event is suitable for children up to the age of nine, and will last approximately one hour. This is a family event, so a parent/guardian is required to stay with their children for the entire duration. There is no cost for this event, but spaces are limited, so early registration is essential via this link.




## GEAMAIREACHT NA NOLLAG

Tá Geamaireacht na Nollag, Fionn agus Clochán an Aifir, ar siúl sa Taibhdhearc ó Déardaoin 7 Nollaig - Dé Sathairn 23 Nollaig, agus is féidir ticéid a fháil tríd an suíomh 'An Taibhdhearc'.

The Christmas Pantomime, Fionn agus Clochán an Aifir, is taking place in An Taibhdhearc from Thursday 7th December - Saturday 23rd December, and tickets can be bought through the Taibhdhearc website.